# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Rang a 6 2021
## Scoileanna Chonamara Láir

*Ba lá mór a bhí ann do dhaltaí Rang a Sé, na tuismitheoirí agus ar ndóigh an fhoireann scoile, agus na gasúir ag fágáil slán leis an mbunscoil tar éis ocht mbliana. Cinnte is bliain neamhghnách agus dúshlánach a bhí acu faoi mar atá cúrsaí ach lean siad ar aghaidh agus choinnigh siad a misneach agus mar sin tá ardmholadh ag dul dhóibh ar fad. Guímid gach rath oraibh agus sibh ag dul isteach sa chéad bhliain. Go n-éirí go geal libh!*



**Scoil Bhriocáin**
**Ar chúl ó chlé - Liam Ó Mainín, Michael Joe Neachtain, Peadar Ó Máille, Donnacha Ó Riain & Daragh Ó hEithir Gionnáin**
**Katie Ní Chléirigh, Emma Ní Chonaire, Katie Ní Dhroighneáin & Hannah Ní Lochnáin.**



**Scoil na hÁirde Móire**
**Ó chlé- Brian Mac an Iomaire, Aaron Weinke, Makayla de Burca Ní Chonghaile & Liam Mac Craith**



**Scoil Mhuire, Carna**
**Ó chlé, tá Síofra Ní Mhurchú, Alannah Ní Chlochartaigh, Sinéad Ní Chuinneáin, Saoirse Nic Dhonnacha, Aisling Seoige, Micheál Mac Giolla Pháraic & David Ó Conaire.**






**<u>Scoil na hAirde Thiar</u>**
**Ó chlé- Fiaidh NÍ Cheoinín, Stephen Ó Ceannabháin, Seán Breathnach Michael Ó Cathasaigh, & Laura Ní Chualáin.**

**<u>Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus</u>**
**Ó chlé - Patrick Ó Neachtain, Fionn Ó Cearra, Beachla Breathnach Maxwell, Oisín Ó Flaithearta & P.J. Mac Donnacha**




**<u>Scoil Naomh Ciaráin</u>**



**<u>Scoil Mhuire, Rosmuc</u>**
**Bláithín Ní Mháinín & Molly Ní Chaonaigh**



**<u>Scoil Cholmain, Muigh Inis.</u>**
**Ó chlé, Páraic Bairéad, John Joe mac Chormaic, Gráinne Ní Chualáin, Gracie McGrath, Antoine Ó Cualáin, Conchur Ó Ceallacháin, & Niamh Ní Chonghaile.**

# Ionad Cuimhneacháin na nImirceach - Céim mhór eile chun cinn.

le Máirtín Ó Cathain

Tuilleadh forbartha agus tuilleadh fáis atá in-ann d'Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Tá sé i gceist go mbeidh an tIonad forbartha mar Ionad Diaspóra Gaeltachta le freastal a dhéanamh air Diaspóra foirleathan na Gaeltachta ar fud an domhain. Beidh an tIonad ag gníomhú i gcomhpháirtíocht le Údarás na Gaeltachta agus le dreamanna eile san obair seo. Tá sé i gceist go mbeidh Ionad Diaspóra na Gaeltachta mar áis agus mar acmhainn a bheidh ag cur eolais agus seirbhísí eile ar fáil.

Is mór an beart tacaíochta don Ionad, don cheantar agus don Ghaeltacht í an pháirtíocht seo atá geallta ag Údarás na Gaeltachta.

Ar ndóigh, beidh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gcónaí ina Ionad don phobal agus fáil ag muintir na háite ar chuile ghné d'achmhainní agus do sheirbhísí an Ionaid – mar a bhí i gcónai.

Ar ndóigh, ní fhéadfadh muid an tIonad atá ann anois – agus atá ina bunchloch don tionscnaimh uilig – a thógáil munach an tacaíocht mhór a thug Roinn na Gaeltachta.

Táimid cinnte go rachaidh an tionscnaimh ina iomláine chun tairbhe don cheantar seo agus don Ghaeltacht uilig agus go bhfáiscfear na ceangail idir an pobal sa mbaile agus an pobal i gcéin níos dlúithe fós, dá bharr.

Forbairtí ar an suíomh:

·Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe cead pleanála le gairid le haghaidh Seomra Taispeántais nua a bheidh ina chuid den Ionad Cuimhneacháin. Tabharfar léargas ar scéal na himirce as an nGaeltacht san Ionad sin.

·Tá beagán athruithe ar an seomra comhluadair agus tae/caifé – ag binn thiar an Ionaid – ceadaíthe freisin san gceadúnas is deireannaí pleanála.

·Tá iarratas istigh le haghaidh cupla athrú ar an bPáirc Chuimhneacháin agus Phobail a bheidh suite ar an gcnocán ó dheas den Ionad. Tá muid ag súil nach mbeidh aon mhoill mhór ag baint leis seo.

·Tá súil againn go mbeidh an tacaíocht airgid ar fáil agus go mbeidh an obair faoi lán-tseoil ar an suíomh i mbliana, 2021.




Táthar ag súil go ndéanfar an oscailt oifigiúil ar an Ionad méadaíthe, agus ar nah※áiseanna eile ar an suíomh, as seo go ceann bliana.

·Ar ndóigh, cinntíonn an socrú seo go mbeidh an dá thrá dá bhfreastal – an pobal agus cuairteoirí/turasóirí.

Beidh an príomh halla (Halla Marty Walsh) ar fáil d'imeachtaí pobail agus beidh an Halla Taispeántais ar fáil do thaiseántais/cuairteoirí/turasóirí. Ar ndóigh, ar ócáidí éagsúla, bainfear leas as na háiseanna uilig in éineacht.

Trí  bliana go ham seo a hosclaíodh an tIonad go hoifigiúil nuair a tháinig Marty Walsh – Méara Bhoston san am sin – chugainn aríst le haghaidh na hócáide sin.  Bhí Marty anseo freisin nuair a leagadh bunchloch an Ionaid go hoifigiúil.

Sna blianta ó shin, tá céimeanna eile bainte amach ag Marty Walsh.  Sé atá anois ina Rúnaí Saothair sna Stáit Aontaithe agus curamaí air i chuile cheann de na 52 Stát i Meiriceá.  Is mórán an éacht atá déanta aige.

Tá na ceangail leis na daoine thar lear, agus a sliocht siúd, neartaíthe againn ó hosclaíodh an tIonad agus tá idir chomhdhálacha staire agus imeachtaí eile Diaspóra eagraíthe againn.

<u>**IMEACHTAÍ ÉAGSÚLA POBAIL SAN IONAD:**</u>

Chomh maith leis an gceangal leis Diaspóra, agus an pobal thar lear,  tá go leor imeachtaí pobail eile eagraíthe san Ionad ó hosclaíodh é. Mar shampla:

·Bunú agus páirtíocht i bhFéile na Muiríní 2019. Cuid den ócáid san Ionad agus láimh chúnta le riaracháin- socruithe faoi árachais srl.

·Lárnach i mbunú na scéime tacaíochta pobail "Cairdeas" le linn géarchéin Covid 19 – scéim atá anois curtha ar bhun go lán-aimseartha ar fud an phobail; béilíthe ag baile do dhaoine a bhfeileann sin dóibh.

·Ullmhú sraith fiseáin ar an gcóras 'zoom' le linn ghéarchéim Covid 19 curtha i dtoll a chéile ag Eibhlín Uí Dháibhís.

·Imeachtaí/ranganna do fhoghlaimeoirí Gaeilge.

·Ceann de lár-ionaid imeachtaí Choláiste Hibernia – cúrsaí Gaeilge do mhicléinn múinteoireachta.

· Léiríodh Taspántas faoi Bháid Ghael linn rud a bhí ina bheart stairiúil do thionscail na hiascaireachta sa taobh seo tíre.

· Staidéar air reiligeacha an cheantair agus cnuasach eolais a beidh tairbheach do muintir na háite agus do chuairteoirí.

·Ócáidí spreagtha Fiontraíochta – Banc na hÉireann.

·Cómdháil faoi chúrsaí fuinnimh.

·Teacht le chéile théis an Aifrinn – ócáidí sóisialta agus cómhrá do mhuintir na háite.

· Ócáidí yoga agus sláinte intinne eagraíthe go rialta – thug siad seo cuid mhaith daoine chuig an gceantar.

·Ranganna Drámaíochta do ghasúir.

·Ranganna Ealaíona do dhaoine fásta.

·Ionad le haghaidh agallaimh/ceolchoirmeacha/cruinnithe – cruinniú de Bhord Údarás na Gaeltachta ina measc.

Táimid cinnte go mbeidh luí ar leith i gcónaí ag pobal na háite – sa mbaile agus i gcéin - le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Sí an obair a rinneadh ar an leabhar bliantúil "Iorras Aithneach" a thug spreagadh dúinn le dhul i mbun na hoibre. I 1990 a tosaíodh ar an leabhar; tá sí ag teacht amach ó shin.

Tionscadal é Ionad Cuimhneacháin na nImirceach a spreagadh sa bpobal, a tosaíodh sa bpobal, a tógadh sa bpobal agus a rinneadh thrí obair dheonach an Choiste.

---------------------------------------

Teagmháil: Foramcarna@gmail.com agus teileafón 011-353-95-32622.

Do ghlaochanna áitiúla agus taobh istigh den tír:  095-32622.

# Scéim Gaelchara 2021




Is scéim í seo a bhfuil sé d'aidhm aici deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge i gceantar Chonamara Láir (Camus, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, An Caiseal & Sraith Salach) feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga. Déanfar é seo trí dheis a thabhairt dóibh an Ghaeilge a chleachtadh mar theanga bheo i suíomh Gaeltachta.
Tabharfar deis don fhoghlaimeoir achar ama a chaitheamh i gcomhluadar cainteora dúchais (an Gaelchara). Beidh an foghlaimeoir in ann cur lena scileanna teanga trí a bheith páirteach i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire leis an gcainteoir dúchais: bíodh sé ina imeacht sóisialta; ag cleachtadh spóirt; ag cleachtadh ceirde; nó trína bheith páirteach i ngníomhaíocht nó i gcaitheamh aimsire de chineál eile.
Is é an Aoine 30 Iúil 2021 an spriocdháta.

Beidh na rudaí seo a leanas curtha san áireamh agus an t-iarratas á mheas:
Tiomantas agus dúthracht na niarrathóirí maidir le húsáid na Gaeilge.
Cur síos soiléir ar an ngníomhaíocht/caitheamh aimsire agus ar an amchlár oibre.
Cur síos ar spriocanna teanga an fhoghlaimeora agus ar ar an mbealach a bhainfear na spriocanna sin amach.
Luach breise: gníomhaíocht nó uaireanta breise agus gníomhartha eile a chuirfidh le hacmhainn teanga an fhoghlaimeora.
<u>Ciste</u>
Cuirfear €250 ar fáil don fhoghlaimeoir Gaeilge agus €250 ar fáil don chainteoir dúchais. Íocfar €100 ag tús na scéime agus an chuid eile nuair atá Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir sásta go bhfuil an clár críochnaithe go sásúil ag na rannpháirtithe.
Próiseas Iarratais
Caithfidh iarrathóirí foirm iarratais a líonadh isteach. Déanfar measúnú ar na foirmeacha iarratais agus roghnóidh painéal neamhspléach na rannpháirtithe.
Is féidir iarratas a dhéanamh go haonarach nó i dteannta foghlaimeora / cainteora dúchais. Cuirfear Foghlaimeoirí/Cainteoirí Dúchais aonaracha le Foghlaimeoirí/Cainteoirí Dúchais eile.
Tá an fhoirm iarratais le fáil ach teagmháil a dhéanamh le opt@conamaralair.ie nó 087 1875384.

# Club Óige an Chaisil

**Is cúis riméad do Phleanáil Teanga Chonamara Láir dul i gcomhpháirt le Óige na Gaeltachta/Muintearas Teo chun tús a chuir le Club Óige a bhunú ar an gCaiseal. Tá an-dul chun cinn déanta go dtí seo. Ceapadh Elaine Ní Niaidh mar Oifigeach Óige agus is í a bheas os cionn na himeachtaí agus gníomhachtaí don aos óg i gceantar an Chaiseal agus Sraith Salach. Tá sí ag eagrú campa samhraidh faoi láthair do mhí Lúnasa (féach ar an bpóstaer ar dheis).**
**Ina theannta sin, bhí seisiún eolais in Ionad Pobail an Chaisil ar an 15ú Meitheamh agus mar thoradh cruthaíodh grúpa oibre sealadach a bheas i mbun eagrúcháin don chlub go dtí go gcuirfear coiste le chéile. Cuirimid fáilte roimh dhaoine ar mhaith leo tacaíocht a thabhairt agus dul ar an gcoiste seo. 'Is iad óige an lae inniu tuismitheoirí an lae amáraigh'.**






## Oíche Mhór do Chairdeas

**Éacht mór bainte amach ag Cairdeas do cheantar Chonamara Láir i nGradaim Pobail an Chathaoirligh 2020 a bhí ar siúl ar an 16/06/2021. Is iad a fuair Gradam Freagartha Pobail COVID-19 do Chonamara. Tá moladh ard ag dul do gach duine a bhíonn ag obair go crua do Chairdeas chun seirbhísí deonach a sholáthar don phobal agus is iontach go bhfuil an t-aitheantas seo faighte acu.**



# Coirnéal Chomhrá 'Ar Chuala Tú?'



**Aoí na Míosa:** Clíona Ní Chualáin
(Úinéir Tigh Mheaic agus ball de Choiste Stiúrtha Pleanála teanga Chonamara Láir)

**1. Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Clinkers a thugann mo chlann orm

**2. Ainm Baile (e.g. I ndiaidh do mhuintir):** Clíona Pháraic Chóilín

**3. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Thóg muid teach nua i Leitheanach, ar an gCaiseal, muid ina gcónaí ann ó mhí na Nollag 2020.

**4. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Chreid mé riamh agus mé fás aníos go mba iontach an deis a bhí againn go raibh an Ghaeilge againn ó dhúchas. Ba le bród a mhínigh mé do dhaoine faoi an Ghaeltacht, chomh éagsúil' s a bhí muid as Conamara agus na Gaeltachtaí eile, dhá theanga a bheith againn. Agus an chultúr agus oidhreacht a bhí againn leis an teanga. Thug sé féiniúlacht láidir dhúinn.

**5. An bhfuil tú sásta gur shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?** Chaith mé roinnt blianta i mo chónaí i mBaile Átha Cliath ach bhí a fhios am i gcónaí gur i gConamara ar mhaith liom cur fúm. Bhí tarraingt ag Conamara dhom a riamh agus anois agus mé ag tógáil mo chlann anseo tá a fhios am nach bhféadfadh muid a bheith in áit níos deise ar domhan.

**6. An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Úsáidim an Ghaeilge seasta i mo chuid oibre, le custaiméirí agus muintir na háite. Triailim polasaí Gaeilge a chur i bhfeidhm leis an fhoireann atá ag obair linn, molaim don dream óg Gaeilge a labhairt lena chéile, go háirithe an té atá tógadh le Gaeilge.. mura labhartha daoine óga an Ghaeilge, níl seans againn í a choinneáil beo.

**7. Céard é an deoch is fearr leat?** Caife, Fíon Dearg nó braon brandy

**8. Cén bialann is mó a thaitníonn leat taobh amuigh do Tigh Mheaic?** Tá an t-ádh orainn sa gceantar seo leis na roghanna bialanna atá againn idir an tÓstán, Teach Ghlinnsce, na Flaharta ar an Áird Mhór le iasc breá úr, Tigh Chadhain chomh maith linn féin Tigh Mheaic agus Gnólachtaí nua eile ag teacht go gairid ach taobh amuigh dhóibh sin faoi láthair táim an tógtha leis an Lamplight Wine Bar ar an gClochán.

**9. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Ag snámh sa bhfarraige, ag seoltóireacht, rang lóga le Veronica

**10. An tsaoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Chaith mé 3 seachtaine i Sri Lanka le grúpa cairde, mo chéad uair san Áise, cultúr chomh héagsúil, tír álainn. Ach le aimsir bhreá ní bhuaileadh tada cúpla oíche a chaitheamh i bhFínis nó ar Oileán Máisean.

**11**. **Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Scannán scéinséir le scéal casta.. nó Harry Potter le mo chlann mhac.

**12. Dá bheifeá ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat?** Ceann le scéal suimiúil casta, ficsean, an leabhar atá mé léamh faoi láthair, scríofa ag cara liom – The Estate le Liza Costello

**13. An raibh aon tionchar mór ag cúrsaí na géarchéime sláinte ort?** Bhí mo ghnó dúnta le cuid mhaith dhó ach d'éirigh liom theacht thríd agus muid sásta a bheith ar oscailt anois arís. Bhain mé leas as an am a raibh mé sa mbaile le mo chlann agus an saol níos moille le linn an dianghlasáil. Bhí an t-ádh orainn an taobh seo tíre, an spás breá agus áilleacht, na aiseanna atá buailte orainn le siulóidí agus spaisteoireacht, níor airigh muid chomh dona le linn an géarchéim.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór arís le Bernadette Uí Mhaoichiaráin a bhuaigh comórtas mhí Meitheamh. Ba é an téama ná 'Cladaigh Chonamara Láir'. Tógadh an griangraf seo i Muigh-Inis.
Is é Séan Lydon (grianghrafadóir as Maigh Cuilinn) a bhí ag déanamh an mholtóireacht.
Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do mhí Iúil chun bhur sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan.

## Logainm na Míosa

*Cill Chiaráin:*
*Tugadh an t-ainm ar an mbaile in ómós do Naomh Ciarán. Gach bliain, ar an 9ú Meán Fómhair, déanann an baile seo ceiliúradh ar Naomh Ciarán agus téann formhór na ndaoine suas go dtí a leaba atá suite ar chnocán beag díreach os cionn na reilige.*

## Seanfhocal na Míosa:

*Faigheann cos ar siúl rud nach bhfaigheann cos ina chónaí.*

**Bí i dteagmháil linn!**


opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir | conamaralair | @ConamaraLair


'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'


Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.